Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7870/19

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0144(COD)**

CODEC 786
COPEN 130
EJUSTICE 47
JURINFO 8
DAPIX 119
CATS 47

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 29 Meitheamh 2017, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 81(1)(d) CFAE[2][3][4], ar aghaidh chuig an gComhairle.

[1] 10940/17.
[2] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a fheidhmithe.
[3] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 agus gan dochar d'Airteagal 4 den phrótacal sin, ní bheidh Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a fheidhmithe.
[4] I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh ar an 12 Nollaig 2017[5].

3. Ar an 12 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[6].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 88/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

   – a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[5] IO C 55, 14.2.2018, lch. 4.
[6] 6935/19.